C/2024/6831

29.11.2024

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Deireadh Fómhair 2024

maidir le beartais eacnamaíocha, bhuiséadacha, fostaíochta agus struchtúracha na Slóivéine

(C/2024/6831)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Cuireann an tSaoráid tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíocht a chur chun feidhme, ionas gurb é atá i gceist léi spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, cuidíonn sí ó thaobh an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a bhaint amach, agus ó thaobh athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe a chur chun feidhme, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus cruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

(2) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Ba chuidiú é sin ó thaobh an tslándáil fuinnimh a bhaint amach agus soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus san am céanna, thiocfadh méadú dá bharr ar ghlacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, ar acmhainneachtaí stórála agus ar an éifeachtúlacht fuinnimh. Chuir an tSlóivéin caibidil nua REPowerEU lena plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

([1]) IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.
([2]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).
([3]) Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj).

(3) An 16 Márta 2023 d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030', ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi chinntí beartais agus leis na creatdálaí a chruthú chun an fás a mhéadú. Déanann an teachtaireacht an t-iomaíochas a bhunú i dtaca le naoi spreagthach a threisíonn a chéile. I measc na spreagthaí sin, is iad an rochtain ar chaipiteal príobháideach, an taighde agus an nuálaíocht, an t-oideachas agus na scileanna, agus margadh aonair feidhmiúil na príomhthosaíochtaí beartais maidir le hathchóirithe agus infheistíocht chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin táirgiúlachta atá ann faoi láthair agus chun iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát a fhorbairt. An 14 Feabhra 2024, d'eisigh an Coimisiún Teachtaireacht dar teideal 'Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas 2024'. Déantar cur síos sa teachtaireacht sin ar láidreachtaí agus dúshláin iomaíocha den mhargadh aonair Eorpach, agus rianú á dhéanamh ar fhorbairtí bliantúla de réir na naoi spreagthach maidir le hiomaíochas a sainaithníodh.

(4) An 21 Samhain 2023 ghlac an Coimisiún Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2024, rud a chuir tús le Seimeastar Eorpach 2024. An 22 Márta 2024, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí Shuirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2024, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 21 Samhain 2023, ghlac an Coimisiún tuairim freisin maidir le dréachtphlean buiséadach na Slóivéine 2024. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024 lena ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro ([4]) ('Moladh 2024 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro') an 12 Aibreán 2024 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 11 Márta 2024.

(5) An 30 Aibreán 2024, tháinig creat rialachais eacnamaíoch nua an Aontais i bhfeidhm. Áirítear sa chreat Rialachán nua (AE) 2024/1263 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach, Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ([5]) ón gComhairle arna leasú maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air, agus Treoir 2011/85/AE ([6]) ón gComhairle arna leasú maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát. Is iad cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch nua airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Cuireann an creat rialachais eacnamaíoch nua úinéireacht náisiúnta chun cinn agus díríonn sé níos mó ar an meántéarma, agus ina theannta sin, tá forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí i gceist leis. Ní mór do gach Ballstát plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin. I bplean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta, tá na gealltanais fhioscacha, athchóiriúcháin agus infheistíochta a thug Ballstát, lena gcumhdaítear tréimhse phleanála 4 nó 5 bliana, de réir fhad rialta an téarma reachtaigh náisiúnta. Ní mór an chonair ghlanchaiteachais ([7]) sna pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263 a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais maidir le fiachas rialtais ghinearálta a chur ar chonair anuas inchreidte, nó é a choinneáil ar an gconair sin, faoi dheireadh na tréimhse coigeartaithe, nó é a choinneáil ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus sa mheántéarma an t-easnamh rialtais ghinearálta a thabhairt faoi bhun luach tagartha an Chonartha de 3 % de OTI, nó é a choinneáil faoi bhun an luacha tagartha sin. I gcás ina ngeallann Ballstát sraith ábhartha athchóiriúchán agus infheistíochtaí a dhéanamh i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1263, is féidir síneadh suas le 3 bliana a chur leis an tréimhse coigeartaithe. Chun tacú le hullmhú na bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta sin, d'fhoilsigh an Coimisiún treoir an 21 Meitheamh 2024 maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar ag na Ballstáit ina bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta agus ina dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn. I gcomhréir le hAirteagail 5 agus 36 de Rialachán (AE) 2024/1263, tharchuir an Coimisiún conairí tagartha agus faisnéis theicniúil chuig na Ballstáit, i gcás inarbh infheidhme. Ní mór do na Ballstáit a bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta a chur isteach faoin 20 Meán Fómhair 2024, mura gcomhaontóidh an Ballstát agus an Coimisiún síneadh ama réasúnta a chur leis an sprioc-am. I gcomhréir lena gcreataí dlíthiúla náisiúnta, féadfaidh na Ballstáit a ndréachtphleananna meántéarmacha a phlé lena bparlaimintí náisiúnta, féadfaidh siad a iarraidh ar na hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha tuairim a eisiúint, agus féadfaidh siad comhairliúchán a dhéanamh leis na comhpháirtithe sóisialta agus le geallsealbhóirí náisiúnta eile.

([4]) Moladh (AE) ón gComhairle an 12 Aibreán 2024 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C, C/2024/2807, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2807/oj).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1467/oj).

([6]) Treoir 2011/85/AE ón gComhairle an 8 Samhain 2011 maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L 306, 23.11.2011, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/85/oj).

([7]) Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2024/1263 ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan (i) ar úschaiteachas, (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár a chistíonn an tAontas, (v) ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

(6) In 2024, tá an Seimeastar Eorpach fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na ndúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020, 2022 agus 2023 fós chomh hábhartha céanna maidir leis na pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(7) An 30 Aibreán 2021, chuir an tSlóivéin a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 28 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine ([8]), a leasaíodh an 16 Deireadh Fómhair 2023 de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a nuashonrú, agus chun caibidil REPowerEU a chur san áireamh ([9]). Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, ina sonraítear go bhfuil na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle comhlíonta go sásúil ag an tSlóivéin. Ní féidir comhlíonadh sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.

(8) An 19 Meitheamh 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2024 don tSlóivéin. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na Slóivéine ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2023, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre bearnaí i ndáil leis na dúshláin sin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, nó nár tugadh aghaidh orthu ann ach go páirteach, mar aon le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Slóivéine ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(9) Bunaithe ar shonraí arna mbailíochtú ag Eurostat, tháinig laghdú ar easnamh rialtais ghinearálta na Slóivéine ó 3,0 % de OTI in 2022 go 2,5 % in 2023, agus thit an fiachas rialtais ghinearálta ó 72,5 % de OTI ag deireadh 2022 go 69,2 % ag deireadh 2023. Mar a fógraíodh sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Márta 2023 dar teideal 'Treoraíocht maidir leis an mbeartas fioscach le haghaidh 2024', tá an chéad chéim á tabhairt ag an gCoimisiún i dtreo tús a chur le nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla atá ann cheana. An 19 Meitheamh 2024, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) den Chonradh. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar staid bhuiséadach na Slóivéine, ós rud é go sáraíonn a heasnamh rialtais ghinearálta atá beartaithe in 2024 luach tagartha an Chonartha de 3 % de OTI. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil, i bhfianaise an mheasúnaithe sin, agus tar éis an tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais arna leagan amach de bhun Airteagal 126(4) den Chonradh a mheas, nach raibh sé beartaithe ag an gCoimisiún a mholadh tús a chur le nós imeachta um easnamh iomarcach le haghaidh na Slóivéine i mí Iúil 2024.

(10) An 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle ([10]) go ndéanfadh an tSlóivéin gníomhaíocht chun a áirithiú go mbeadh fás an chaiteachais phríomha reatha a mhaoinítear go náisiúnta i gcomhréir le seasamh foriomlán neodrach beartais airgeadais ([11]) in 2023, agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine atá ag teitheadh ón Úcráin. Mhol sí don tSlóivéin an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag síorathrú. Mhol an Chomhairle don tSlóivéin freisin infheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus le haghaidh na slándála fuinnimh a leathnú, agus tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí leas a bhaint as an tSaoráid agus as cistí eile de chuid an Aontais. In 2023, de réir mheastacháin an Choimisiúin, bhí an staid fhioscach ([12]) crapthach, faoi 0,5 % de OTI, i gcomhthéacs bhoilsciú ard. Leis an bhfás ar chaiteachas reatha príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) in 2023, soláthraíodh ranníocaíocht chrapthach 0,4 % de OTI leis an staid fhioscach. Áirítear leis sin laghdú 0,3 % de OTI ar

([8]) ST 10612/21 INIT; ST 10161/21 ADD 1.

([9]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 16 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine (ST 13615/23; ST 13615/23 ADD 1).

([10]) Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta 2022 um Athchóiriú de chuid na Slóivéine agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta 2022 de chuid na Slóivéine (IO C 334, 1.9.2022, lch. 197).

([11]) Ar bhonn réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gur 11,5 % i dtéarmaí ainmniúla a bhí san fhás aschuir féideartha meántéarmach sa tSlóivéin in 2023, agus úsáidtear sin chun an staid fhioscach a thomhas, bunaithe ar an meánráta fáis ionchasach iarbhír 10 mbliana agus ar dhíbhoilsceoir OTI 2023.

([12]) Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha (agus gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh) agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais.

chostas na mbeart tacaíochta éigeandála spriocdhírithe do na teaghlaigh agus na gnólachtaí is leochailí ó thaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh. Bhí fás an chaiteachais reatha phríomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2023 i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022. Is éard a bhí i gceist le caiteachas arna mhaoiniú le deontais faoin tSaoráid agus cistí eile de chuid an Aontais 1,3 % de OTI in 2023. Is éard a bhí i gceist leis an infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta 4,6 % de OTI in 2023; is é sin laghdú bliantúil 0,2 pointe céatadáin i gcomparáid le 2022. Mhaoinigh an tSlóivéin infheistíocht bhreise tríd an tSaoráid agus trí chistí eile de chuid an Aontais. Mhaoinigh an tSlóivéin infheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus le haghaidh na slándála fuinnimh, cuir i gcás infheistíochtaí i mbonneagar iarnróid, i bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh agus i dtubaistí nádúrtha a chosc. Cistítear an infheistíocht phoiblí sin go páirteach leis an tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais.

(11) Tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún go méadóidh an fíor-OTI faoi 2,3 % in 2024 agus 2,6 % in 2025, agus go seasfaidh boilsciú arna thomhas leis an innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí (ICPT) ag 2,8 % in 2024 agus 2,4 % in 2025.

(12) Tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún easnamh rialtais de 2,8 % de OTI in 2024, agus tá an cóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI le laghdú go 68,1 % faoi dheireadh 2024. Léiríonn an méadú ar an easnamh in 2024 den chuid is mó infheistíocht phoiblí níos airde, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta le haghaidh atógáil tar éis tuilte, agus innéacsú sochar sóisialta. Déantar é a fhritháireamh go páirteach le laghdú ar fhóirdheontais, le haistarraingt beart laghdaithe ioncaim chun tionchar praghsanna arda fuinnimh a mhaolú agus le méadú sealadach ar an ráta cánach ioncaim corparáide. De réir mheastacháin an Choimisiúin, réamh-mheastar go mbeidh an staid fhioscach crapthach ag 0,2 % de OTI in 2024.

(13) Meastar go maoineofar caiteachas ar fiú 0,7 % de OTI é le tacaíocht neamh-inaisíoctha ('deontais') faoin tSaoráid in 2024, i gcomparáid le 0,2 % de OTI in 2023, de réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún. Le caiteachas a mhaoinítear le deontais faoin tSaoráid, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe a dhéanamh lena gcuirfear leis an táirgiúlacht gan tionchar díreach a bheith aige ar chomhardú nó fiachas rialtais ghinearálta na Slóivéine. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar go maoineofar caiteachas ar fiú 0,4 % de OTI é le hiasachtaí ón tSaoráid in 2024, i gcomparáid le 0,1 % de OTI in 2023.

(14) An 14 Iúil 2023, mhol an Chomhairle ([13]) don tSlóivéin beartas fioscach stuama a áirithiú, go háirithe trí theorainn nach mó ná 5,5 % a chur leis an méadú ainmniúil ar ghlanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta ([14]) in 2024. Agus a mbuiséid le haghaidh 2023 á gcur i bhfeidhm acu agus a ndréachtphleananna buiséadacha le haghaidh 2024 á n-ullmhú acu, iarradh ar na Ballstáit a chur san áireamh go molfadh an Coimisiún don Chomhairle tús a chur leis na nósanna imeachta um easnamh iomarcach easnamh-bhunaithe, de bhun na sonraí olltoraidh le haghaidh 2023. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 5,6 % ar ghlanchaiteachas príomhúil na Slóivéine a mhaoinítear go náisiúnta in 2024 ([15]), atá os cionn an uasráta fáis a mholtar. An caiteachas breise sin os cionn an ráta uasta fáis a moladh sa ghlanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta, comhfhreagraíonn sé do is lú ná 0,1 % de OTI in 2024. Tá riosca ann nach mbeidh sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle.

(15) Thairis sin, mhol an Chomhairle don tSlóivéin gníomhú chun na bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála atá i bhfeidhm a fhoirceannadh agus úsáid á baint as an gcoigilteas gaolmhar chun an t-easnamh rialtais a laghdú a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Mhol an Chomhairle thairis sin, dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, gur cheart don tSlóivéin a áirithiú go mbeidh na bearta tacaíochta sin dírithe ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gurb é 1,4 % de OTI a bhí i nglanchostas buiséadach ([16]) na mbeart tacaíochta éigeandála fuinnimh in 2023, agus réamh-mheastar gurb é 0,1 % a bheidh ann in 2024, agus 0,0 % in 2025. Go háirithe, glactar leis go bhfanfaidh an cúiteamh do sholáthróirí gáis agus leictreachais a dhíoltar ar phraghsanna a shocraítear ar bhonn riaracháin i bhfeidhm in 2024, cé go mbeidh tionchar

([13]) Moladh ón gComhairle an 14 Iúil 2023 maidir le Clár Náisiúnta na Slóivéine um Athchóiriú don bhliain 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár na Slóivéine um Chobhsaíocht don bhliain 2023 (IO C 312, 1.9.2023, lch. 224).

([14]) Sainmhínítear glanchaiteachas príomha mar chaiteachas a mhaoinítear go náisiúnta agus atá glan ar (i) bhearta lánroghnacha ioncaim, (ii) caiteachas úis, (iii) caiteachas timthriallach dífhostaíochta, agus (iv) bearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

([15]) Cuirtear san áireamh leis sin bearta aonuaire ar fiú 0,7 % de OTI iad in 2024, ar bearta iad a bhaineann le costais éigeandála ghearrthéarmacha le haghaidh atógáil tar éis tuilte a tharla i mí Lúnasa 2023 (agus arbh fhiú 0,4 % iad de OTI in 2023, a bhaineann leis an gcúis chéanna). Ina theannta sin, réamh-mheastar go soláthrófar costais éigeandála ó Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais ar fiú 0,15 % de OTI iad in 2023, ar fiú 0,3 % de OTI iad in 2024 agus ar fiú 0,15 % de OTI iad in 2025. An 14 Iúil 2023 thagair an Chomhairle freisin do na tuilte tubaisteacha a bhuail an Iodáil i mí na Bealtaine 2023 agus d'aontaigh sí go gcuirfí costas na tacaíochta éigeandála dírí a bhain leis na tuilte sin san áireamh i measúnuithe ar chomhlíonadh ina dhiaidh sin agus go measfaí, i bprionsabal, gur bearta aonuaire agus sealadacha a bhí ann. Leanadh cur chuige den chineál céanna maidir leis na tuilte tubaisteacha a bhuail an tSlóivéin i mí Lúnasa 2023.

([16]) Léiríonn an figiúr leibhéal chostas buiséadach bliantúil na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas agus, i gcás inarb infheidhme, glan ar an ioncam ó chánacha ar bhrabúis amhantair soláthróirí fuinnimh.

beag aige. Dá n-úsáidfí an coigilteas gaolmhar chun an t-easnamh rialtais a laghdú, mar a mhol an Chomhairle, thuigfí as na réamh-mheastacháin sin go mbeidh coigeartú fioscach 1,3 % de OTI ann in 2024, ach soláthraítear ranníocaíocht chrapthach ó ghlanchaiteachas príomhúil ([17]) a mhaoinítear go náisiúnta leis an staid fhioscach 0,1 % de OTI sa bhliain sin. Rinneadh na bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh a fhoirceannadh in 2023 agus 2024. Tá sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle. Mar sin féin, ní mheastar go n-úsáidfear an coigilteas gaolmhar go hiomlán chun an t-easnamh rialtais a laghdú. Tá riosca ann nach mbeidh sé sin i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle.

(16) Ina theannta sin, mhol an Chomhairle freisin don tSlóivéin infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais faoin tSaoráid agus cistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, maidir le hinfheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú uirthi ó 4,6 % de OTI in 2023 go 5,3 % de OTI in 2024. Tá sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle. Dá réir sin, maidir le caiteachas poiblí a mhaoinítear le hioncam ó chistí an Aontais, lena n-áirítear deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, meastar go bhfanfaidh sé cobhsaí ag 1,3 % de OTI in 2024 i gcomparáid le 1,3 % de OTI in 2023.

(17) De bhun bearta beartais a bhfuiltear ar an eolas fúthu ag scoithdháta na réamhaisnéise agus ar an mbonn go dtuigtear nach mbeidh aon athrú beartais ann, tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún easnamh rialtais 2,2 % de OTI in 2025. Den chuid is mó léiríonn an laghdú ar an easnamh in 2025 ranníocaíocht nua cúraim fhadtéarmaigh a thabhairt isteach, ranníocaíocht a thoibheofar ó mhí Iúil 2025 ar aghaidh, agus a mheastar go dtiocfaidh méadú thart ar 0,4 % de OTI ar ranníocaíochtaí sóisialta dá thoradh. Beidh tionchar ag caiteachas níos ísle de réir a chéile ar atógáil tar éis tuilte ar an infheistíocht phoiblí, a mheastar go dtiocfaidh laghdú 0,4 pointe céatadáin air go 5,4 % de OTI. Meastar go dtiocfaidh laghdú go 66,4 % ar an gcóimheás idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI faoi dheireadh 2025.

(18) Tuartar go dtiocfaidh méadú mór ar chostais aosaithe sa tSlóivéin, rud a fhágfaidh go dtiocfaidh méadú ar an gcaiteachas ar chúram sláinte, ar chúram fadtéarmach agus ar phinsin sna blianta amach romhainn. Tá roinnt beart sa phlean téarnaimh agus athléimneachta cheana féin chun tacú leis an inbhuanaitheacht fhioscach. Sa bhreis ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, bheadh sé tábhachtach faireachán a dhéanamh ar an gcaiteachas chun leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht fhioscach na cosanta sóisialta a áirithiú. D'fhéadfaí athbhreithnithe caiteachais a úsáid chun réimsí a mbaineann tosaíocht níos ísle nó caiteachas neamhéifeachtúil leo a shainaithint. D'fhéadfaí cistí saortha a ath-leithdháileadh ansin chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin fhioscacha nua, lena n-áirítear i réimse na cosanta sóisialta. Chun a áirithiú go mbeidh an caiteachas níos éifeachtaí, bheadh sé ríthábhachtach go gcuirfí bearta leantacha chun feidhme go pras agus go mbeidís comhsheasmhach leis na hathchóirithe struchtúracha leanúnacha.

(19) Tá cóimheas cánach-OTI na Slóivéine fós faoi bhun mheán an Aontais agus níl a comhdhéanamh an-fhabhrach don fhás. Tá an réim chánach ioncaim phearsanta is airde agus an ding chánach saothair do leibhéil éagsúla ioncaim fós i measc na leibhéal is airde san Aontas agus tá cánacha maoine, lena n-áirítear cánacha maoine athfhillteacha, fós an-íseal, agus sciar acu atá faoi bhun leath mheán an Aontais. Dá laghdófaí an ding chánach saothair, laghdófaí costais saothair, chuirfí borradh faoin éileamh ar shaothar agus chuirfí feabhas ar an iomaíochas. D'fhéadfadh glanphá níos airde borradh a chur faoin soláthar lucht saothair. Cé go bhfuil an sciar den ioncam ó cháin chomhshaoil os cionn mheán an Aontais, d'fhéadfaí an córas cánach a úsáid chun cuspóirí glasa a chur chun cinn a thuilleadh, lena n-áirítear tríd an bprionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir' a chur i bhfeidhm.

(20) Tá an infheistíocht phoiblí sa tSlóivéin os cionn mheán an Aontais agus tá méadú tagtha uirthi le blianta beaga anuas. Mar sin féin, d'fhéadfaí a héifeachtacht agus a héifeachtúlacht a fheabhsú trí chomhordú níos fearr a dhéanamh ar an bpleanáil le haghaidh infheistíocht phoiblí ar fud na n-earnálacha agus na n-aireachtaí. Bheadh tacar comhleanúnach de dhoiciméid phleanála fhadtéarmacha agus plean comhtháite meántéarmach le haghaidh infheistíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh ina n-uirlisí freisin chun éifeachtúlacht na hinfheistíochta poiblí a fheabhsú, lena n-áirítear tionscadail a chur in ord tosaíochta i gcomhréir le tosaíochtaí náisiúnta agus Eorpacha. Chuideodh sé sin freisin le hacmhainneacht fáis agus inbhuanaitheacht fhioscach na tíre a mhéadú.

(21) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin, mar aon lena plean náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Laistigh den tréimhse dhocht sin, tá sé ríthábhachtach dul ar aghaidh go pras le cur chun feidhme

([17]) Déantar an ranníocaíocht sin a thomhas mar an t-athrú ar chaiteachas príomha an rialtais ghinearálta, glan ar (i) tionchar buiséadach incriminteach na mbeart lánroghnach ioncaim, (ii) caiteachais aonuaire, (iii) caiteachas timthriallach dífhostaíochta agus (iv) caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid agus cistí eile de chuid an Aontais, i gcoibhneas leis an meánráta fáis fhéideartha ar OTI ainmniúil sa mheántéarma (10 mbliana), arna shloinneadh mar chóimheas le OTI ainmniúil.

éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na Slóivéine leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta á háirithiú san am céanna. Chun gealltanais an phlean téarnaimh agus athléimneachta a chomhlíonadh faoi mhí Lúnasa 2026, tá sé ríthábhachtach don tSlóivéin leanúint d'athchóirithe a chur chun feidhme agus dlús a chur le hinfheistíochtaí trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ábhartha agus cumas láidir riaracháin á áirithiú san am céanna. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(22) Mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar chistí beartais comhtháthaithe, i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([18]), tá sé de cheangal ar an tSlóivéin gach clár a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE +), ón gCiste Comhtháthaithe agus ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) a athbhreithniú faoi mhí an Mhárta 2025, agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, le cois nithe eile, á gcur san áireamh aici, mar aon lena plean náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Is é an t-athbhreithniú sin is bunús le leithdháileadh críochnaitheach an chistithe ón Aontas atá san áireamh i ngach clár. Tá dul chun cinn déanta ag an tSlóivéin maidir leis na cláir beartais comhtháthaithe agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme, ach tá dúshláin ann fós agus tá éagothromaíochtaí suntasacha ann go fóill idir an réigiún príomhchathrach agus an chuid eile den tír. Tá sé ríthábhachtach dlús a chur le cur chun feidhme clár beartais comhtháthaithe agus an acmhainneacht riaracháin a neartú ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach. Tá na tosaíochtaí a chomhaontaíodh sna cláir beartais comhtháthaithe fós ábhartha. Anuas ar na bearta maidir le hacmhainneacht riaracháin, tá sé thar a bheith tábhachtach leanúint le hinfheistíochtaí glasa, go háirithe bearta cosanta tuilte agus bearta chun an t-athrú aeráide a mhaolú, agus tús áite á thabhairt do réitigh dhúlrabhunaithe. Tá sé chomh tábhachtach céanna leanúint le hinfheistíochtaí in iompar inbhuanaithe chun an spleáchas trom ar chomaitéireacht i gcarranna paisinéirí a laghdú. Tá cur chun feidhme na bpleananna críochacha um aistriú cóir, lena dtacaítear le deireadh a chur leis an ngual de réir a chéile, fós ríthábhachtach. Tá comhpháirtíochtaí T&F poiblí-príobháideacha chun an táirgiúlacht saothair a mhéadú ábhartha go fóill. Thairis sin, tá sé tábhachtach foghlaim aosach, lena n-áirítear i scileanna digiteacha agus glasa, a chothú, mar aon le beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, agus seirbhísí sóisialta agus seirbhísí an mhargaidh saothair á nuachóiriú agus á ndigitiú an tráth céanna. Is tosaíocht é dlús a chur leis an dí-institiúidiú agus le forbairt seirbhísí sóisialta pobalbhunaithe ardcháilíochta, leormhaith agus inacmhainne, go háirithe cúram fadtéarmach, chun tacú leis an gcuimsiú sóisialta. D'fhéadfadh an tSlóivéin úsáid a bhaint freisin as an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip, arna bhunú ag Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([19]), chun borradh a chur faoi infheistíochtaí i bhforbairt agus monarú teicneolaíochtaí glana atá tíosach ar acmhainní, go háirithe in earnáil an fhuinnimh in-athnuaite agus an téimh.

(23) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus le cistí eile de chuid an Aontais, tá roinnt dúshláin bhreise le sárú ag an tSlóivéin a bhaineann le hinbhuanaitheacht a hairgeadais phoiblí, ganntanais scileanna agus lucht saothair chomh maith le heaspa infheistíochtaí caipitil fiontair agus easpa infheistíochtaí sa T&F agus sa nuálaíocht.

(24) Tugadh chun solais le scrúdú 2022 ón gClár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí (PISA) laghdú nach beag ar bhunscileanna (go háirithe sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic). Is féidir leis an méadú ar sciar na ndaltaí tearcfheidhmíochta 15 bliana d'aois agus an laghdú ar na daltaí barrfheidhmíochta sa mhatamaitic agus sa léitheoireacht drochthionchar a imirt ar sholáthar scileanna agus ar iomaíochas na Slóivéine amach anseo. D'fhéadfaí a áireamh san athchóiriú leanúnach ar churaclaim scoile bearta chun bunscileanna a neartú in éineacht le scileanna glasa agus digiteacha, chomh maith le foghlaim teanga, agus bearta chun inniúlachtaí fiontraíochta agus airgeadais a fheabhsú. Ina theannta sin, d'fhéadfaí gairm na múinteoireachta a dhéanamh níos tarraingtí.

(25) De réir thuarascáil EURES maidir le ganntanais agus barrachais lucht saothair in 2023, a d'ullmhaigh an tÚdarás Eorpach Saothair in 2024, bhí ganntanais lucht saothair roimh go leor earnálacha. Deimhnítear an méid sin le suirbhé an Choimisiúin ar mhuinín gnó agus tomhaltóirí, lena léirítear go bhfuil ganntanas lucht saothair á thuairisciú ag bainisteoirí gnó i dtionscal na Slóivéine mar thoisc an-láidir atá ag cur teorainn leis an ngníomhaíocht ó bhí lár 2021 ann. Thairis sin, tá rátaí folúntas níos airde ná meán an Aontais freisin. In ainneoin na mbeart a rinneadh faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, tá riaráiste suntasach fós ann d'iarratais ó oibrithe eachtracha, mar gheall ar cheanglais dhlíthiúla atá ró-anásta. Tá an infheistíocht agus an táirgeadh á gcoinneáil siar

([18]) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1060/oj).

([19]) Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

de dheasca ganntanais lucht saothair agus scileanna, go háirithe sa tionscal. Tá na ganntanais sin ag cur bac freisin ar sholáthar rianúil seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí cúraim sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh. Dá bhrí sin, chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás, tá sé ríthábhachtach an soláthar lucht saothair a mhéadú, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a spreagadh a thuilleadh, oibrithe ó thríú thíortha a mhealladh, agus lánpháirtiú oibrithe imirceacha sa mhargadh saothair agus sa tsochaí a neartú.

(26) Tá caiteachas ar thaighde poiblí, caiteachas neamhthaighde ar nuálaíocht ag cuideachtaí agus caiteachas nuálaíochta in aghaidh an fhostaí fós sách íseal sa tSlóivéin. Tá an infheistíocht caipitil fiontair i gcoibhneas le OTI íseal freisin, go háirithe i gcomparáid le meán an Aontais, rud a dhéanann dochar don dinimiceas gnó agus, dá bhrí sin, d'acmhainneacht nuálaíochta agus fáis na gcuideachtaí. Dá réir sin, cuireann sé sin bac ar iomaíochas na Slóivéine. Dá gcuirfí tuilleadh feabhais ar na coinníollacha maidir le caipiteal fiontair, d'fhéadfaí níos mó caipitil eachtraigh a mhealladh agus cuidiú le gnólachtaí nuathionscanta nuálacha uas-scálú.

(27) I bhfianaise na n-idirnasc dlúth idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro agus a rannchuidithe choitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta, in 2024, mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, lena n-áirítear trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, chun Moladh 2024 maidir leis an limistéar euro a chur chun feidhme. I gcás na Slóivéine, cuidíonn moltaí (1), (2) agus (3) leis an gcéad mholadh, an dara moladh, an tríú moladh agus an ceathrú moladh a chur chun feidhme, a leagtar amach i Moladh 2024 maidir leis an limistéar euro.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an tSlóivéin in 2024 agus 2025 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. An plean struchtúrach fioscach meántéarmach a thíolacadh go tráthúil. I gcomhréir le riachtanais an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis athchóirithe, srian a chur ar an bhfás i nglanchaiteachas ([20]) in 2025 go ráta atá comhsheasmhach *inter alia* leis an bhfiachas rialtais ghinearálta a chur ar chonair anuas inchreidte sa mheántéarma agus le heasnamh ginearálta an rialtais a laghdú faoi bhun luach tagartha an Chonartha de 3 % de OTI. Inbhuanaitheacht fhioscach na cosanta sóisialta a áirithiú agus ioncaim chánach a athchothromú i dtreo foinsí a bheidh níos fabhraí don fhás agus níos inbhuanaithe. Éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí a fheabhsú trí athbhreithnithe a dhéanamh ar an gcaiteachais agus tríd an infheistíocht phoiblí a bhainistiú ar bhealach níos fearr.

2. An acmhainneacht riaracháin a neartú chun cistí an Aontais a bhainistiú, dlús a chur le hinfheistíochtaí agus móiminteam a choinneáil i gcur chun feidhme na n-athchóirithe. Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ábhartha chun gur féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme ar bhealach leanúnach pras éifeachtach, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, lena n-áiritheofar go dtabharfar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí chun críche faoi mhí Lúnasa 2026. Dlús a chur le cur chun feidhme na gclár beartais comhtháthaithe. I gcomhthéacs athbhreithniú meántéarma na gclár sin, leanúint de bheith ag díriú ar na tosaíochtaí a comhaontaíodh, agus na deiseanna a chuireann an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ar fáil chun feabhas a chur ar an iomaíochas á gcur san áireamh san am céanna.

3. An t-iomaíochas a neartú trí na leibhéil scileanna a threisiú a thuilleadh, lena n-áirithítear go gcuidíonn an t-athchóiriú leanúnach ar churaclaim scoile le bunscileanna a neartú freisin, trí aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair, agus trí dhinimiceas gnó agus cruthú cuideachtaí ardfháis a chur chun cinn trí fheabhas a chur ar na dálaí le haghaidh infheistíocht caipitil fiontair agus le haghaidh infheisteoirí institiúideacha chomh maith le hinfheistíochtaí sa taighde, san fhorbairt agus sa nuálaíocht.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 21 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

NAGY I.

([20]) De réir Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2024/1263, ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar chaiteachas úis, ar bhearta lánroghnacha ioncaim, ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.